An Roinn Oideachais & Scileanna
An Rannóg Párolla
Cor na Madadh
Baile Átha Luain
Co. na Íarmhí

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Dept. of Education & Skills
Payroll Division,
Cornamaddy
Athlone
Co. Westmeath

**Imlitir 61/2010**

**Chuig Údaráis Bhainistíochta agus Príomhoidí Bunscoileanna**

# Na hEagair Íocaíochta atá i bhfeidhm i gcás oidí Páirtaimseartha agus i gcás oidí Lánaimseartha um Théarma Seasta atá fostaithe i mbunscoileanna le linn na Scoilbhliana 2010/2011 agus dár gcionn

## 1. Réamhrá

Is mian leis an Aire Oideachais agus Scileanna na heagair íocaíochta a bhaineann le oidí páirtaimseartha agus le oidí cláraithe lánaimseartha um théarma seasta, i gcás na scoilbhliana 2010/11 agus dár gcionn, a chur in iúl do Bhoird Bhainistíochta agus don fhoireann scoile i mBunscoileanna.

## 2 Oidí Cláraithe Páirtaimseartha um Théarma Seasta

**2.1** Chun críche na n-eagar seo, is é is oide Páirtaimseartha um Théarma Seasta ann ná oide ar bith:

(a) Atá cláraithe leis an gComhairle Múinteoireachta agus atá cáilithe go hiomlán don phost ina gceapfar é/í,
(b) A oibríonn de ghnáth ar feadh uaireanta an chloig níos lú ná mar a oibríonn oide lánaimseartha buan i dtréimhse choibhéiseach,
(c) A íoctar ón státchiste, agus
(d) A fhostaítear ar bhonn téarma sheasta.

### 2.2 Oidí Páirtaimseartha Rialta um Théarma Seasta

Ba chóir conradh um théarma seasta a thairiscint don oide páirtaimseartha rialta um théarma seasta a fhostaítear don scoilbhliain chun teagasc a sholáthar ar feadh roinnt uaireanta an chloig gach uile sheachtain. Ba chóir don chonradh an líon uaireanta an chloig a shonrú nach mór don oide a oibriú gach seachtain. De ghnáth, beidh feidhm ag an gconradh ó 1 Meán Fómhair go dtí 31 Lúnasa. Ar ndóigh, d'fhéadfaí tosú ar chonradh sa tréimhse idir 1 Meán Fómhair agus an chéad lá oibre i mi na Samhna. Oide páirtaimseartha rialta um théarma seasta a thosaíonn ar fhostaíocht tar éis 1 Meán Fómhair, íocfar an t-oide sin ó phárolla na Roinne ó dháta tosaithe na fostaíochta go dtí 31 Lúnasa. Beidh a leithéid beann ar an oide bheith ag feidhmiú fós sa scoil chéanna. An ráta pá don Iúil agus don Lúnasa, beidh sé ionann leis an ráta a íocfar don oide ar 30 Meitheamh.

**2.3** Ba chóir an leagan nuashonraithe den fhoirm cheapacháin do bhunoidí don scoilbhliain i gceist a chomhlánú i gcás gach uile nuacheapacháin pháirtaimseartha rialta agus an leagan sin a chasadh ar Phárolla Oidí Bunoideachais. Tá an fhoirm seo ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne.

**3 Oidí Páirtaimseartha um Théarma Seasta a cheaptar tar éis an chéad lá oibre i mí na Samhna**

**3.1** Déanfar oide Páirtaimseartha um Théarma Seasta, a thosaíonn ar fhostaíocht tar éis an chéad lá oibre i mí na Samhna, a íoc de réir na huaire an chloig. Déantar an ráta pá le haghaidh na huaire an chloig a ríomh tríd an ráta bliantúil iomchuí den tuarastal a roinnt ar 915 le haghaidh gach uile uair an chloig teagaisc

**3.2** Na héilimh ar an íocaíocht le haghaidh na n-oidí Páirtaimseartha seo um Théarma Seasta, ba chóir iad a chur i láthair tríd an Chóras Éilimh ar Line ach an Mhír Cheapacháin den CEAL a chomhlánú.

**3.3** An líon uaireanta an chloig a cheadaítear in aghaidh na seachtaine, tá sé bunaithe ar uaslíon 37 seachtain don scoilbhliain. Dá bhrí sin, ní bheidh na huaireanta an chloig ar bith a oibreofar, farasbarr ar an táirseach sin de 37 seachtain, iníoctha ag an Roinn.

**4 Athruithe ar na huaireanta páirtaimseartha a dháilfear ar an scoil le linn na scoilbhliana**

Méadú nó laghdú ar bith ar na huaireanta páirtaimseartha le linn na scoilbhliana, ba chóir iad a chur i láthair Rannóg na nDáiltí Bunoideachais den Roinn ar an toirt, i.e.:

1 Uaireanta páirtaimseartha i gcás Oide Acmhainne um Thacaíocht Fhoghlamtha
2 Uaireanta páirtaimseartha i gcás Oidí Acmhainne um Íseal Tarlú a cheadaigh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, nó
3 Uaireanta páirtaimseartha don Bhéarla mar oide le haghaidh Teanga sa Bhreis

(Ba chóir na hathruithe ar na poist i gcás 1 agus 2, thuas, a shonrú ar an bhfoirm nuashonraithe *LSRT*2.)

**5 Athruithe ar na huaireanta a dháilfear ar Oide Páirtaimseartha Rialta um Théarma Seasta**

**5.1** An conradh a dhéanfar a thairiscint ar oide nuair a cheapfar é/í, ba chóir go ndéanfadh sé foráil le haghaidh athruithe d'fhéadfadh tarlú ar an líon uaireanta an chloig a bhíonn dáilte le linn na bliana. Méadú ar bith ar an líon d'uaireanta an chloig teagaisc a dáileadh ar oide páirtaimseartha rialta um théarma seasta le linn an téarma ó 01 Meán Fómhair go dtí an chéad lá oibre i mí na Samhna, caithfear a leithéid a shonrú do Rannóg Párolla Oidi Bunoideachais na Roinne ar an toirt agus i scríbhinn. Deimhniú é seo go n-íocfar an tuarastal ceart don oide.

**5.2** Méadú ar bith ar an líon d'uaireanta an chloig teagaisc a dáileadh ar oide páirtaimseartha rialta um théarma seasta tar éis an chéad lá oibre i mí na Samhna, ní mór a leithéid a éileamh tríd an Córas Éilimh Ar Líne. Deimhniú é seo go n-íocfar an tuarastal ceart don oide. Uaireanta an chloig sa bhreis a oibríonn oide páirtaimseartha um théarma seasta le linn na scoilbhliana, íocfar an t-oide sin faoin ráta a dhéanfar a ríomh tríd an ráta bliantúil iomchuí den tuarastail a roinnt ar 915 le haghaidh gach uile uair an chloig teagaisc.

**5.3** Laghdú ar bith, am ar bith le linn na scoilbhliana, ar an líon d'uaireanta an chloig teagaisc a dáileadh ar oide páirtaimseartha rialta um théarma seasta, caithfear a leithéid a shonrú do Rannóg Párolla Oidi Bunoideachais na Roinne ar an toirt agus i scríbhinn. Chun ró-iocaiocht tuarastail don oide a sheachaint faoi ndear é seo.

**5.4** Má thagann laghdú ar an líon uaireanta an chloig teagaisc a dáileadh ar oide páirtaimseartha um théarma seasta le linn na scoilbhliana, ní mór cuntas ar an líon leasaithe d'uaireanta an

chloig a sholáthar ar an toirt ar an gCótas Éilimh Ar Líne. Chun ró-iocaiocht tuarastail don oide a sheachaint faoi ndear é seo.

## 6. Oide Lánaimseartha um Théarma Seasta

**6.1** Is é is oide Lánaimseartha um Théarma Seasta ann ná oide ar bith:

(a) Atá cláraithe leis an gComhairle Múinteoireachta agus atá cáilithe go hiomlán don phost ina gceapfar é/í.
(b) Ar ionann a chuid ghnáthuaireanta teagaisc agus na gnáthuaireanta teagaisc a oibríonn oide lánaimseartha buan
(c) A íoctar ón státchiste, agus
(d) A fhostaítear ar bhonn téarma sheasta.

**6.2** De ghnáth, déantar oide lánaimseartha um théarma seasta a fhostú ar chonradh um théarma seasta ó 1 Meán Fómhair go dtí 31 Lúnasa. Oidí lánaimseartha um théarma seasta a thosaíonn ar fhostaíocht le linn na tréimhse ó 1 Meán Fómhair go dtí an chéad lá oibre i mi na Samhna agus a fhanann sa bhfostaíocht sin, ar chonradh um théarma seasta, le linn na scoilbhliana uile, déanfar an duine sin a íoc go dti 31 Lúnasa.

**6.3** Oidí lánaimseartha um théarma seasta a thosaíonn ar fhostaíocht tar éis an chéad lá oibre i mí na Samhna agus a leanann ar aghaidh sa bhfostaíocht sin faoi acmhainn um théarma seasta go dti 30 Meitheamh, ní íocfar an duine sin le haghaidh saoire an tSamhraidh in éagmais post teagaisc buan nó um théarma seasta sa bhreis bheith faighte aige/aice a thosóidh ón gcead lá oibre den scoilbhliain dar gcionn. Déanfar an teideal aisbhreathnaitheach ar phá saoire a ríomh mar a leanas:

- Oide a ghlacann post lánaimseartha um théarma seasta tar éis an chéad lá oibre i mí na Samhna ach roimh 1 Aibreán agus a leanann ar aghaidh sa phost sin mar oide lánaimseartha um théarma seasta go dtí 30 Meitheamh, íocfar pá saoire aisbhreathnaitheach don duine sin le haghaidh tréimhse an tSamhraidh ar an gcoinníoll go mbeidh conradh bainte amach aige/aice don scoilbhliain nua uile nó conradh nach rachaidh in éag níos lú ná bliain amháin tar éis dáta tosaithe an chonartha bhunúsaigh um théarma seasta. Déantar an íocaíocht do thréimhse an tSamhraidh go haisbhraithneach le linn na scoilbhliana nua.

- Oide a ghlacann post lánaimseartha um théarma seasta tar éis 1 Aibreán agus a leanann ar aghaidh sa phost sin mar oide lánaimseartha um théarma seasta go dtí 30 Meitheamh, tosófar ar phá saoire aisbhreathnaitheach a íoc don duine sin, le haghaidh tréimhse an tSamhraidh, bliain amháin ó dháta tosaithe an chonartha bhunúsaigh ar an gcoinníoll gur rinne an t-oide seirbhís i bpost lánaimseartha um théarma seasta, é sin nó i bpost buan don tréimhse 12 mí go hiomlán.

## 7. Oidí Cláraithe agus Cáilithe a Earcú

**7.1** Oidí a bheartaítear a cheapadh do phoist teagaisc faoina n-iarrfar tuarastal ina leith, caithfear iad a bheith cláraithe leis an gComhairle Múinteoireachta de réir Míre 31 d'Acht na Comhairle Múinteoireachta 2001 agus a bheith i seilbh na gcáilíochtaí iomchuí don earnáil agus oiriúnach don phost faoi a mbeadh beartaithe ina leith. Sa chás go bhféadfadh fostóir a thaispeáint go sásúil gur rinneadh gach éifeacht réasúnta chun oide cáilithe iomchuí a earcú, is féidir duine neamhcháilithe nó neamhchláraithe a earcú go dti go ndéanfar oide cláraithe agus cáilithe go hiomchuí a cheapadh. Caithfear a leithéid d'fhoráil a chur isteach sa chonradh fostaíochta. Ba chóir do Bhoird Bhainistíochta féachaint ar Imlitir 0040/2010 le haghaidh tuilleadh faisnéise ar an gceist seo.

**7.2** Téarmaí na hImlitreach 29/02 dár teideal "Na hEagair a bheidh i bhfeidhm chun Pá Saoire a íoc d'Oidí Bunscoileamma Neamhcháilithe Sealadacha ar Ghearrthéarma", bhainfidh siad freisin le daoine Páirtaimseartha Rialta (neamhcháilithe) mar aon le daoine Lánaimseartha um Théarma Seasta (neamhcháilithe) a fhostaítear chun críche teagaisc i mBunscoileanna. Ní íocfar daoine neamhcháilithe le haghaidh na míonna Iúil agus Lúnasa.

## 8 Feidhmiú

**8.1** Beidh feidhmiú ag téarmaí na hImlitreach seo ó 01 Meán Fómhair 2010. Cuireadh faisnéis sa bhreis maidir le oidí páirtaimseartha a fhostú ar fáil san Imlitir 36/2009.

**8.2** Glacann téarmaí na hImlitreach seo ionad téarmaí na hImlitreach 76/2008 dár teideal " Pá Saoire le haghaidh oidí um Théarma Seasta (Sealadach)".

## 9 Scaipeadh na hImlitreach mar aon le Fiosrúcháin

Iarrtar ar údaráis bhainistíochta scoileanna aird na foirne teagaisc a fhostaítear sa scoil a dhíriú ar ábhar na hImlitreach seo. Fiosrúcháin maidir le feidhmiú na scéime seo, ba chóir iad a sheoladh tríd an rphost chuig primtch_payroll@education.gov.ie

Padraig Maloney,
Príomh - Oifigeach,
An Roinn Párolla. Deireadh Fómhair 2010